

Acmhainní Gaeloideachas do Thuismitheoirí agus Chaomhnóirí

Cuireann Gaeloideachas neart áiseanna agus acmhainní ar fáil chun tacú le thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, thuismitheoirí nach bhfuil mórán Gaeilge acu san áireamh. Tá fáilte roimh scoileanna na háiseanna saor in aisce seo a roinnt le thuismitheoirí am ar bith. Má ta ballraíocht ag do scoil linn, is féidir libh cóipeanna clóite d'fhoilseacháin Gaeloideachas a ordú uainn saor in aisce – ní gá ach an fhoirm seo a chomhlíonadh: <https://gaeloideachas.ie/ordaigh/>

Bíonn áiseanna agus acmhainní do thuismitheoirí á roinnt ag Gaeloideachas ar bhonn leanúnach ar na meáin shóisialta freisin. Déan cinnte muid a leanúint ar Facebook (Gaeloideachas), Instagram (@gaeloideachas), agus Twitter (@Gaeloid). Taispeántar cuid dár n-acmhainní do thuismitheoirí sa 'Reel' seo ar Instagram: <https://www.instagram.com/p/ChmYNiXF1kh/>


Seo cuid de na háiseanna a chuirimid ar fáil ar líne. Is fiú go mór iad a roinnt le thuismitheoirí i do scoil féin:

- Liosta Ríomhphoist do Thuismitheoirí
Seolann Gaeloideachas ríomhphoist do thuismitheoirí ó am go chéile chun nuacht, eolas úsáideach, acmhainní agus áiseanna, agus nithe ábhartha eile a roinnt.
Is féidir clárú anseo: <https://gaeloideachas.ie/sign-up-for-our-newsletters/>
- Grúpa Facebook
Tá grúpa Facebook faoi leith curtha ar fáil ag Gaeloideachas do thuismitheoirí. 'Tearmann Teaghlaigh' an t-ainm atá ar an ngrúpa agus roinntear eolas, acmhainní, agus nithe eile ann. Tugann an grúpa seo deis do thuismitheoirí ceisteanna a chur agus a phlé le chéile freisin. Is féidir teacht ar an ngrúpa anseo: <https://www.facebook.com/groups/tuismitheoiri>



- Suíomh IrishForParents

Ar shuíomh irishforparents.ie, tá neart acmhainní ar fáil atá dírithe ar na riachtanais teanga atá ag tuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Cabhróidh na hacmhainní seo le tuismitheoirí agus lena bpáistí agus iad ag gabháil trí oideachas lán-Ghaeilge le chéile.



- Bileoga Eolais

Tugtar eolas sna bileoga seo ar scoileanna lán-Ghaeilge agus ar bhuntáistí an tumoideachais. Tá leaganacha dátheangacha Gaeilge agus Béarla ar fáil ag na naisc thíos agus tá bileoga anois ar fáil i bhFraincís, Spáinnis, Rómáinis, Liotuáinis, Polainnis, agus Úcráinis ar gaeloideachas.ie/leabharlann.

Cúiseanna le Scoil Lán-Ghaeilge a Roghnú: <https://gaeloideachas.ie/document/cuiseanna-le-scoil-lan-ghaeilge-a-roghnu/>

Cúiseanna le Gaelcholaíste a Roghnú: <https://gaeloideachas.ie/document/cuiseanna-le-gaelcholaiste-a-roghnu/>



- Seinnliosta ar YouTube

Déantar físeáin nua a uaslódáil ar chainéal YouTube Gaeloideachas go minic agus tá go leor físeáin ar fáil do thuismitheoirí cheana féin. Tá seinnliosta faoi leith ann do thuismitheoirí ina bhfuil neart eolais maidir le buntáistí an tumoideachais, amhráin, rannta agus dánta, ceardaíocht agus gníomhaíochtaí gur féidir a dhéanamh sa bhaile, agus

taifid ar sheimeanair do thuismitheoirí. Is féidir teacht ar an seinnliosta anseo: <https://www.youtube.com/playlist?list=PLXb682IIHqY9-LpmJDoV9pKf7NY58Ed-a>




- *Déan Comhrá*

Is leabhrán é Déan Comhrá atá dírithe ar thuismitheoirí agus chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar naíonra nó ar scoil lán-Ghaeilge. Tá sé lán le frásaí simplí úsáideacha a bhféadfaí a úsáid sa bhaile leis an teanga a shní isteach sa saol laethúil. Tá caibidlí ann ar réimse ábhar, ina measc frásaí úsáideacha do chomhráite, ábhair scoile, obair bhaile, frásaí do nótaí agus ríomhphoist, moladh, am luí, bia agus deoch, agus an aimsir.

Is féidir teacht ar an leabhrán i bhfoirm PDF anseo, agus tá fáilte romhat cóip clóite a ordú ar an leathanach céanna: <https://gaeloideachas.ie/document/dean-comhra/> Tá an leabhrán ar fáil i nGaeilge agus Úcráinis freisin ag an nasc seo: <https://gaeloideachas.ie/document/dean-comhra-%d1%80%d0%be%d0%b7%d0%bc%d0%be%d0%b2%d0%bd%d0%b8%d0%ba-%d0%b4%d0%bb%d1%8f-%d0%b1%d0%b0%d1%82%d1%8c%d0%ba%d1%96%d0%b2-%d1%82%d0%b0-%d0%be%d0%bf%d1%96%d0%ba%d1%83%d0%bd%d1%96%d0%b2/>

Tá seinnliosta YouTube 'Déan Comhrá' ar fáil ar chainéal YouTube Gaeloideachas freisin! Cuirtear físeáin nua leis go minic. Cabhróidh na físeáin seo le tuismitheoirí agus lena bpáistí cleachtadh a dhéanamh ar an fhoghraíocht, agus tá fo-theidil ar fáil ar na físeáin ar fad. Is féidir teacht ar an seinnliosta anseo:

https://www.youtube.com/watch?v=sGSQPoTdwCM&list=PLXb682IIHqY_F3hWQJ4b2A_PWr0ByP4qSx



- Acmhainní RSO

Tá go leor acmhainní ar fáil againn chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus lena dtuismitheoirí. Forbraíodh roinnt acu i gcomhpháirt le AslAm agus le Middletown Centre for Autism. Is féidir an-chuid de na hacmhainní seo a úsáid sa bhaile agus chun cabhrú do pháistí ullmhú don scoil – ina measc, tá pas réamhscoile, áiseanna chun mála scoile a phacáil, sceidil obair bhaile, boird leadráin, agus teirmiméadar mothúcháinach. Tá na hacmhainní uilig ar fáil saor in aisce sa leabharlann ar shuíomh Gaeloideachas.

Chomh maith leis na háiseanna thuasluaite, tá físeáin agus eolas eile faoi riachtanais speisialta in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh.

Seo iad na leathanaigh ar an suíomh a bhaineann le Riachtanais Speisialta Oideachais:


- Oideachas Speisialta: <https://gaeloideachas.ie/oideachas-speisialta/?lang=ga>
- Uathachas: <https://gaeloideachas.ie/uathachas-san-oideachas-lan-ghaeilge/?lang=ga>
- Disléicse: <https://gaeloideachas.ie/disleicse/?lang=ga>



- Réidh, Socair agus Sásta

Is bileog eolais dhátheangach é seo do thuismitheoirí maidir leis an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil. Tá leideanna phraiticiúla ann faoi na bealaí is fearr chun ullmhú don chéim mhór seo i saol an pháiste. D'fhéadfadh an scoil é roinnt le thuismitheoirí na naíonáin bheaga nua sula dtosaíonn siad ar scoil.

https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2022/06/Naionra_to_school_A4_Leaflet_Print_Feb2022.pdf



Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Réidh, socair agus sásta – tús maith, leath na hoibre!

Is céim mhór chun cinn é an t-aistriú ón naionra go dtí an bhunscoil, agus is fiú rudaí beaga a dhéanamh le cabhrú leat agus le do pháiste ullmhú chuige. Is féidir leis an tréimhse seo a bheith dúshlánach, ach is gnáthmhothúchán é seo agus tá go leor teaghlaigh eile sa suíomh céanna. Cloch mhíle iontach atá ann daoibh, agus beidh na múinteoirí sa naionra agus sa scoil in ann tacú libh ar an aistear seo.

Tá eolas breise ar fáil ar www.gaeloideachas.ie maidir le hoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus tá foireann Gaeloideachas ar fáil i gcónaí le cabhrú leat. Seo thíos cúpla nod maidir le conas sibh féin a ullmhú don turas atá romhaibh.

Dar ndóigh, is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí teagmháil a dhéanamh linn am ar bith ag eolas@gaeloideachas.ie nó ar 01 8535195, agus tá tuilleadh eolais agus acmhainní ar fáil ar www.gaeloideachas.ie.